



Uimhir 12 de 2017

An tAcht Iomaíochta (Leasú), 2017
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 12 de 2017

AN tACHT IOMAÍOCHTA (LEASÚ), 2017
[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Míniú
2. Feidhm alt 4 den Phríomh-Acht maidir le cómhargántaíocht agus comhaontuithe comhchoiteanna i leith earnálacha áirithe oibrithe
3. Leasú ar an bPríomh-Acht
4. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

AN SCEIDEAL

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht Iomaíochta, 2002 (Uimh. 14)

Na hAchtanna Iomaíochta, 2002 go 2014

An tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 (Uimh. 11)

An tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Uimh. 26)



Uimhir 12 de 2017

AN tACHT IOMAÍOCHTA (LEASÚ), 2017
[*An tionú oifigiúil*]

Acht do leasú an Achta Iomaíochta, 2002 chun socrú a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag alt 4 den Acht sin maidir le cómhargántaíocht agus comhaontuithe comhchoiteanna i leith earnálacha áirithe oibrithe; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[7 *Meitheamh* 2017]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Míniú

1. San Acht seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Iomaíochta, 2002.

Feidhm alt 4 den Phríomh-Acht maidir le cómhargántaíocht agus comhaontuithe comhchoiteanna i leith earnálacha áirithe oibrithe

2. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 2A:

“CUID 2B

**FEIDHM ALT 4 MAIDIR LE CÓMHARGÁNTAÍOCHT AGUS COMHAONTUITHE
COMHCHOITEANNA I LEITH EARNÁLACHA ÁIRITHE OIBRITHE**

Mínithe

15D. Sa Chuid seo—

tá le ‘cómhargántaíocht’ an bhrí chéanna atá leis san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001;

ciallaíonn ‘oibrí féinfhostaithe bréige’ pearsa aonair—

- (a) a chomhlíonann an ghníomhaíocht chéanna nó an tseirbhís chéanna do dhuine (‘duine eile’), faoi chonradh (cibé acu is conradh sainráite nó intuigthe é agus, más conradh sainráite é, cibé acu is conradh ó bhéal nó i scríbhinn é) agus a chomhlíonann fostaí de chuid an duine eile,
- (b) a bhfuil caidreamh íochtaráin aige nó aici i ndáil leis an duine eile ar feadh ré an chaidrimh chonarthaigh,

- (c) ar a gceanglaítear treoracha an duine eile maidir le ham, áit agus ábhar a chuid nó a cuid oibre a leanúint,
- (d) nach gcomhroinneann priacal tráchtála an duine eile,
- (e) nach bhfuil aon neamhspleáchas aige nó aici maidir le ham, sceideal, áit ná modh comhlíonta na dtascanna a shanntar dó nó di a chinneadh, agus
- (f) ar feadh ré an chaidrimh chonarthaigh, ar cuid dhílis de ghnóthas an duine eile é nó í;

ciallaíonn ‘oibrí féinfhostaithe atá go hiomlán spleách’ pearsa aonair—

- (a) a chomhlíonann seirbhísí do dhuine eile (cibé acu is fostóir fostaithe freisin an duine dá bhfuil an tseirbhís á comhlíonadh nó nach ea) faoi chonradh (cibé acu is conradh sainráite nó intuigthe é agus, más conradh sainráite é, cibé acu is conradh ó bhéal nó i scríbhinn é), agus
- (b) a fhaigheann a príomhioncam nó a príomhioncam, i leith seirbhísí den sórt sin a chomhlíonadh faoi chonradh, ó líon nach mó ná 2 dhuine;

ciallaíonn ‘earnáil iomchuí oibrí fhéinfhostaithe’—

- (a) aicme oibrí a shonraítear i Sceideal 4, nó
- (b) aicme oibrí fhéinfhostaithe bréige nó oibrí fhéinfhostaithe atá go hiomlán spleách a shonrófar in ordú a dhéanfaidh an tAire faoi alt 15F;

tá le ‘ceardchumann’ an bhrí chéanna atá leis san Acht Caidrimh Thionscail, 1946.

Cómhargántaíocht agus comhaontuithe comhchoiteanna i leith earnálacha áirithe oibrithe

15E. Ní bheidh feidhm ag alt 4 maidir le cómhargántaíocht ná comhaontuithe comhchoiteanna i leith earnáil iomchuí oibrí fhéinfhostaithe.

Earnáil iomchuí fhorordaithe oibrí fhéinfhostaithe

15F.(1) Féadfaidh ceardchumann a dhéanann ionadaíocht—

- (a) d’aicme oibrí fhéinfhostaithe bréige, nó
- (b) d’aicme oibrí fhéinfhostaithe atá go hiomlán spleách,

chun críocha cómhargántaíochta agus comhaontuithe comhchoiteanna thar ceann na haicme oibrí dá ndéantar ionadaíocht amhlaidh, iarratas a dhéanamh chuig an Aire de réir an ailt seo, chun an aicme sin oibrí fhéinfhostaithe bréige nó oibrí fhéinfhostaithe atá go hiomlán spleách a fhorordú chun críocha na Coda seo.

(2) Déanfar iarratas ó cheardchumann faoi fho-alt (1) ar an modh a shonróidh an tAire agus beidh fianaise ag gabháil leis chun an méid seo a leanas a thaispeáint—

- (a) go dtagann an aicme oibrí fhéinfhostaithe bréige nó oibrí fhéinfhostaithe atá go hiomlán spleách, de réir mar a bheidh, is ábhar don iarratas, faoi réim an mhínithe ar oibrí fhéinfhostaithe bréige nó ar oibrí fhéinfhostaithe atá go hiomlán spleách, de réir mar a bheidh, agus

- (b) maidir le forordú na haicme sin oibrí fhéinfhostaithe bréige nó oibrí fhéinfhostaithe atá go hiomlán spleách, de réir mar a bheidh—
- (i) nach mbeidh aon éifeacht eacnamaíoch nó nach mbeidh ach mionéifeacht eacnamaíoch aige ar an margadh ina n-oibríonn an aicme oibrí fhéinfhostaithe lena mbaineann,
 - (ii) nach dtiocfaidh costais shuntasacha don Stát as nó nach mbeidh costais shuntasacha don Stát mar thoradh air, agus
 - (iii) nach sárófar leis ar shlí eile ceanglais an Achta seo ná aon achtacháin nó rialach dlí eile (lena n-áirítear an dlí i ndáil leis an Aontas Eorpach) a bhaineann leis an toirmeasc ar chosc, srianadh nó saobhadh iomaíochta sa trádáil in aon earraí nó seirbhísí.
- (3) Faoi réir fho-alt (5), i gcás, i ndáil le hiarratas faoi fho-alt (1), go bhfuil an tAire deimhneach—
- (a) maidir leis na nithe dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) d’fho-alt (2), agus
 - (b) gur cuí déanamh amhlaidh,
- féadfaidh sé nó sí an aicme oibrí fhéinfhostaithe bréige nó oibrí fhéinfhostaithe atá go hiomlán spleách, de réir mar a bheidh, a fhorordú, le hordú, mar earnáil iomchuí oibrí fhéinfhostaithe.
- (4) I gcás nach bhfuil an tAire deimhneach, de réir fho-alt (3), diúltóidh sé nó sí d’iarratas faoi fho-alt (2).
- (5) Ní dhéanfar ordú faoi fho-alt (3) ach amháin tar éis don Aire dul i gcomhairle—
- (a) le cibé Aire eile den Rialtas ar cóir, i dtuairim an Aire, ag féachaint d’fheidhmeanna an Aire eile sin den Rialtas, dul i gcomhairle leis nó léi, agus
 - (b) le haon duine nó comhlacht eile ar cóir, i dtuairim an Aire, ag féachaint d’fheidhmeanna an duine nó an chomhlachta eile sin, dul i gcomhairle leis nó léi.
- (6) I gcás go mbeidh aicme oibrí fhéinfhostaithe bréige nó oibrí fhéinfhostaithe atá go hiomlán spleách forordaithe ag an Aire faoin alt seo agus, ó rinneadh an t-ordú—
- (a) go mbeidh dálaí an mhargaidh nó na himthosca a bhain leis an ordú sin a dhéanamh athraithe go substaintiúil, nó
 - (b) go dtiocfaidh faisnéis nua is iomchuí maidir leis an iarratas ab ábhar don ordú chun bheith ar fáil don Aire,
- féadfaidh an tAire, má tá sé nó sí den tuairim nach cuí a thuilleadh an aicme oibrí fhéinfhostaithe bréige nó oibrí fhéinfhostaithe atá go hiomlán spleách a bheith forordaithe amhlaidh, forordú na hearnála iomchuí oibrí fhéinfhostaithe a chúlghairm le hordú.

- (7) Aon uair a bheartóidh an tAire ordú a dhéanamh faoi fho-alt (6)—
- (a) cuirfidh sé nó sí an togra, agus na cúiseanna atá leis, in iúl, i scríbhinn, don cheardchumann a rinne an t-iarratas lena mbaineann agus féadfaidh sé nó sí tréimhse a shonrú chun aighneacht a dhéanamh faoi fho-alt (8),
 - (b) féadfaidh sé nó sí a iarraidh ar cibé daoine eile is dóigh leis nó léi is cuí aighneachtaí a dhéanamh maidir lena thogra nó lena togra laistigh de cibé tréimhse a shonróidh sé nó sí,
 - (c) i gcás go ndeachaigh an tAire i gcomhairle le hAire eile den Rialtas nó le duine nó comhlacht eile faoi fho-alt (5) maidir le hordú a dhéanamh faoi fho-alt (3), is ábhar don togra, rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an Aire sin den Rialtas nó leis an duine sin nó leis an gcomhlacht sin maidir leis an togra lena mbaineann, agus
 - (d) cuirfidh sé nó sí faoi deara fógra maidir leis an togra a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne agus i nuachtán náisiúnta amháin a scaiptear laistigh den Stát.
- (8) Féadfaidh ceardchumann a mbeidh fógra tugtha dó faoi fho-alt (7)(a), nó féadfaidh duine nó comhlacht eile dá dtagraítear i bhfo-alt (7)(b), aighneacht a chur faoi bhráid an Aire laistigh den tréimhse (más ann) a bheidh sonraithe ag an Aire faoi fho-alt (7)(a) nó (b), de réir mar is cuí, maidir leis an togra, is aighneacht ina leagfar amach na cúiseanna ar cheart nó nár cheart an t-ordú a dhéanamh.
- (9) Breithneoidh an tAire aon aighneacht a chuirfear faoina bhráid nó faoina bráid faoi fho-alt (8) sula ndéanfaidh sé nó sí ordú faoi fho-alt (6).
- (10) I gcás go ndéanfaidh an tAire ordú faoi fho-alt (3) nó (6), cuirfidh sé nó sí faoi deara fógra, maidir leis an ordú a dhéanamh, a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne agus i nuachtán náisiúnta amháin a scaiptear laistigh den Stát.”.

Leasú ar an bPríomh-Acht

3. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an téacs atá leagtha amach sa *Sceideal* a chur isteach mar Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht sin.

Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

4. (1) Féadfar an tAcht Iomaíochta (Leasú), 2017 a ghairm den Acht seo.
- (2) Féadfar na hAchtanna Iomaíochta, 2002 go 2017 a ghairm den Acht seo agus de na hAchtanna Iomaíochta, 2002 go 2014, le chéile.
- (3) Faoi réir *fho-alt (4)*, tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.
- (4) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dháta a rite.

AN SCEIDEAL

Alt 3

“SCEIDEAL 4

EARNÁLACHA IOMCHUÍ OIBRÍ FHÉINFHOSTAITHE

1. Aisteoirí atá fostaithe mar aisteoirí guthúcháin
2. Ceoltóirí atá fostaithe mar cheoltóirí seisiúin
3. Iriseoirí atá fostaithe mar shaoririseoirí”.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€1.27

ISBN 978-1-4468-6795-2



9 781446 867952